Déardaoin 23. Meitheamh 2022

P9_TA(2022)0259

Ainmniú Comhalta den Chúirt Iniúchóirí– ainmní NL

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2022 maidir le hainmniú Stephanus Abraham Blok mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C9-0150/2022 – 2022/0805(NLE))

(Comhairliúchán)

(2023/C 32/21)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0150/2022),

— ag féachaint do Riail 129 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0180/2022),

A. de bhrí go ndeachaigh an Chomhairle, i litir an 8 Aibreán 2022, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Stephanus Abraham Blok a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar dhintiúir Stephanus Abraham Blok, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí go bhfuair an coiste, agus an mheastóireacht sin á déanamh aige, curriculum vitae ó Stephanus Abraham Blok chomh maith lena chuid freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a bhí curtha chuige;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht le Stephanus Abraham Blok ina dhiaidh sin an 15 Meitheamh 2022, éisteacht ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ó chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar ainmniú Stephanus Abraham Blok ag an gComhairle mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar eolas, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.